

✿ An Lúibín ✿

27 Feabhra 2009

Gaeilge ghránna

In Ireland there have been complaints about the expense of translating certain state documents to Irish. More worthy of complaint is the appalling Irish of the translations – stilted, literal and graceless.

Deir Acht na dTeangacha Oifigiúla go gcaithfidh foilseacháin rialtais a bheith ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge. I ndáiríre, ní fhoilsítear ach na cáipéisí is bunúsaí, ach ar feadh na sé bliana a chuaigh thart chosain siad €6 milliún ar a laghad. Chaith an Roinn Gnóthaí Eachtracha €62,801, chaith Roinn an Taoisigh os cionn €320,000 agus chaith an Roinn Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta €3 milliún, cé go ndúirt sí go raibh mórán den fhoireann in ann freastal ar an bpobal sa dá theanga gan chostas breise.¹

Más fiú leat an costas nó a mhalairt, tá cúis ghearáin níos géire ann. Gaeilge na n-aistriúchán atá i gceist, an Ghaeilge is neamhbhlasta agus is ciotaí a breacadh riamh. Cruthú é nach bhfuil sa ghnó go léir ach siombalachas leamh. (Tá Gaeilge stáit cáinte cheana againn, agus cáinfear arís.) Is é bunphrionsabal an aistrithe ciall an bhunleagan a thabhairt leat agus í a chur in iúl sa teanga eile go gonta, blasta, greanta. I gcás cáipéise oifigiúla, ba cheart don tiontú nua a bheith chomh cruinn leis an mbunleagan agus níos soléite más féidir. Anseo ‘aistrítear’ an buntéacs focal ar fhocal, agus fágtar an bhrí ar lár.

As an iliomad samplaí atá le fáil, roghnaíomar sliocht as tuarascáil atá le fáil ar shuíomh Roinn an Taoisigh. Struchtúr agus eagrú an Rialtais atá á bplé ann, agus ag seo trí leagan – ceann i mBéarla (agus é tur go leor), an t-aistriúchán oifigiúil agus ár leagan féin. Bhí sé d’aidhm againn téacs soiléir nádúrtha a sholáthar. Is fiú a rá gur ar éigean is féidir an t-aistriúchán oifigiúil a thuiscint gan an Béarla a bheith agat mar threoir.

An leagan Béarla

The governance challenge is defined by the OECD as that of reconfiguring the Public Service to equip it with a crossgovernmental perspective and a common sense of purpose, developing “citizen-centered” structures and working methods, and putting networks, incentives and an accountability structure in place to achieve a more integrated public service. Against the backdrop of a statement of Government priorities, derived from the Programme for Government, the National Development Plan, national agreements and other policy frameworks, there is a need for a political and managerial focus on:

- Organisational and sectoral performance and delivery;
- Cross-cutting issues;
- The efficiency and effectiveness of agencies and regulators;
- The governance of agencies and regulators; and
- The governance of the Civil Service and its relationship with other sectors and levels of Government

¹ ‘Mind your language: more than €6m is lost in translation,’ Ken Foxe, *Sunday Tribune*, 16/2/09.

An t-aistriúchán oifigiúil

Tá dúshlán an rialachais sainmhínithe ag an OECD mar an tSeirbhís Phoiblí a athchumrú chun peirspictíocht tras-rialtais agus cuspóir den sórt céanna a thabhairt don tSeirbhís, struchtúir “dírithe ar an saoránach” agus modhanna oibre a fhorbairt, agus líonraí, dreasachtaí agus struchtúr cuntasachta a chur in áit chun Seirbhís Phoiblí níos lánpháirtithe a bhaint amach. Bunaithe ar ráiteas tosaíochtaí an Rialtais, atá tógtha ón gClár Rialtais, an Plean Forbartha Náisiúnta, comhaontuithe náisiúnta agus creataí polasaí eile, tá gá le fócas polaitiúil agus bainistíochta ar na nithe seo a leanas:

- Feidhmíocht agus seachadadh eagraíochtúil agus earnálach;
- Saincheisteanna crosghearrtha;
- Éifeachtúlacht agus éifeachtacht ghníomhaireachtaí agus rialtóirí;
- Rialachas ghníomhaireachtaí agus rialtóirí; agus
- Rialachas na Státseirbhíse agus a caidreamh le hearnálacha agus le leibhéil eile den Rialtas

Leagan An Lúibín

Deir an OECD gurb é an saothar is mó atá i gceist i gcúrsaí rialachais athchóiriú na Seirbhíse Poiblí chun go mbeadh dearcadh trasrialtais agus cuspóir comhchoiteann aici. Ba chóir di tairbhe a bhaint as modhanna oibre agus as struchtúir a dhéanann maitheas don saoránach, agus comhpháirtíocht na státseirbhíse a mhéadú le gréasáin, le spreagadh cuí agus le cothú na freagrachta. De réir phríomhaidhmeanna an Rialtais, mar a léirítear iad sa Chlár Rialtais, sa Plean Forbartha Náisiúnta, sna comhaontuithe náisiúnta agus i gcreataí polasaí eile, ní mór díriú ar na rudaí a leanas:

- Lánéifeacht a bheith leis an tSeirbhís go léir
- Saincheisteanna comhchoiteanna;
- Éifeachtacht ghníomhaireachtaí agus rialtóirí;
- Rialachas gníomhaireachtaí agus rialtóirí; agus
- Rialachas na Státseirbhíse agus a caidreamh le hearnálacha eile agus le leibhéil eile den Rialtas.



Gaelscoileanna gan chóiríocht

Many Gaelscoileanna have been waiting for refurbishment for years.

Ós rud é gurb iad na gaelscoileanna is mó a iompraíonn ualach na Gaeilge i gcóras oideachais na hÉireann, is aisteach an rud é gur leasc leis an Roinn cóiríocht bhuan a thabhairt dá bhformhór. Féach an méid seo ó *Foinse*, 15/2/09: ‘Tá 60% de na gaelscoileanna atá bunaithe le 25 bliain fós ag fanacht ar fhoirgneamh buan cé go bhfuil aitheantas buan ón Roinn Oideachais ag an gcuid is mó acu.’² Tá aitheantas buan ón Roinn ag 53 de na scoileanna atá gan chóiríocht, agus bunaíodh ocht gcinn de na scoileanna sna 80í.

Tá an Rialtas chun athbreithniú a dhéanamh ar an aitheantas a thugtar do bhunscoileanna. Dhá bhliain a mhairfidh sé agus gan aitheantas á thabhairt d’aon bhunscoil i rith an ama sin ach amháin i gceantair áirithe fháis. D’fhéadfadh seo bunú gaelscoileanna nua a bhacadh, ós iad na scoileanna sin is mó atá ag teacht chun cinn faoi láthair.

D’fhéadfaí a rá go bhfuil an Roinn idir dhá chomhairle i dtaobh na ngaelscoileanna. Tháinig an ghaelscolaíocht aniar aduaidh uirthi ar dtús, agus níl na scoileanna lánGhaeilge ar an gcloch is mó ar a paidrín. Níl ach timpeall 6% de na daltaí le fáil iontu, cé go bhfuil an

² ‘Gaelscoileanna aitheanta fós gan bhuanfhoirgnimh,’ Áine Ní Chiaráin, *Foinse*, 15/2/09.

céatadán ag dul i méid agus go ndéanann siad síorléiriú ar mhúineadh mí-éifeachtach na Gaeilge sna scoileanna lánBhéarla. B'fhéidir go bhfuil na gaelscoileanna ag díol as iad a bheith á mbunú taobh amuigh den chóras oifigiúil de bharr dhícheall na dtuismitheoirí. Is fios do chách go dtiocfaidh siad slán ar ais nó ar éigean. Ach tugann siad scolaíocht iomlán do na daltaí, agus tá cóiríocht iomlán dlite dóibh.



Coinníoll teanga

In Galway fresh rigour is being applied to planning conditions that ensure the presence of Irish speakers in new housing. Is the game still worth the candle?

An gcuirtear brú ar an nGaeilge má ligtear do Bhéarlóirí cur fúthu i gceantar Gaeltachta? Gan amhras. An fiú, mar sin, coinníollacha teanga a chur le scéimeanna tithíochta sa Ghaeltacht? I ndáiríre, tá an díobháil déanta. Tá Béarla fite fuaite i saol na Gaeltachta anois; is beag duine a thógfadh a chlann le Gaeilge amháin, agus is iomaí clann a thógtar le Béarla amháin. Tá Gaeltacht shamhailteach ann, cinnte, aisling álainn a fhanann ina haisling agus atá ag brath, mórán, ar shaothar an Oileánaigh agus a leithéidí (nach mbeidh arís ann). Ach fós féin tá an aisling á cosaint i gcúrsaí riaracháin, agus Comhairle Chontae na Gaillimhe tar éis coinníoll teanga soiléir a chur (faoi dheireadh) le tógáil tithíochta sa Ghaeltacht.

De réir an choinníll teanga atá curtha leis an gcead pleanála ní mór 80%, ar a laghad, de thithe na scéime a chur ar leataobh do dhaoine atá líofa sa Ghaeilge. Mairfidh an coinníoll teanga ar feadh tréimhse 15 bliana agus beidh ar an bhforbróir aontú a dhéanamh i scríbhinn roimh ré faoi chaighdeán na Gaeilge a theastóidh ó éinne a bheadh ag iarraidh cónaí sna tithe agus faoin modh a úsáidfear chun caighdeán na Gaeilge a mheas.³

Go dtí le déanaí, más fíor, bhí siléig den sórt a luaitear go coitianta leis na Gaeil ag baint le meon na Comhairle sna gnóthaí seo. Chuiridís coinníollacha teanga le ceadanna pleanála gan a rá go cruinn cá mhéad teach a bhíodh i gceist, cá fhad a mhairfeadh an coinníoll ná cén caighdeán líofachta a bheadh ag teastáil.

Ní nach ionadh, tá lámh ag brúghrúpa pleanála sa ghnó. Ba mhínic *Airdeall* (a bhfuil Donncha eolgaiseach Ó hÉallaí mar urlabhra acu) ag iarraidh míoneolais ar an mBord Pleanála faoi choinníollacha teanga a bhain le tithíocht a cheadaigh an Chomhairle. Tá siad sásta, tríd siad le dearcadh nua na Comhairle. Barúil eile, b'fhéidir, atá ag lucht tógála.



Comhar

The venerable journal Comhar lives on, but with difficulty.

Tá an iris *Comhar* (ar fógraíodh a bás anseo agus in áiteanna eile) beo fós agus eolas uirthi le fáil ar an nGréasán ag <http://comhar.blogspot.com>. Is deacair teacht ar an nasc úd ar na ngnáthbhealaí, ach tá cúpla eagrán den iris tagtha amach cheana i mbliana agus súil lena thuilleadh. Anois táthar ar lorg eagarthóir buan.

Bhí an sean*Chomhar* ag dul i leith na leimhe i ndeireadh a ré agus aithníodh go raibh gá le hathnuachan. Bhí laghdú tubaisteach tagtha ar líon na léitheoirí agus cur chuige nua ag teastáil go géar. Feicimid an féidir léi ábhar seanphléite a sheachaint agus leas a bhaint as áiseanna nua. Tá coimhlint ann - irisí nua ag cíoradh cúrsaí reatha agus *Feasta* ag plé gnóthaí

³ 'Coinníoll teanga soiléirithe,' Seán Tadhg Ó Gairbhí, *Foinse*, 15/2/09.

cultúir. Caithfidh *Comhar* a thaispeáint go bhfuil sainmheon aici agus éileamh ag léitheoirí ar an ábhar.

Nuacht aduaidh

Tá seirbhís úr nuachta le fáil i nGaeilge ag <http://andrumamornuacht.blogspot.com/>, agus scéalta nua ann ceithre huair sa tseachtain. Is í comharba an nuachtáin *Lá Nua* (nach maireann) í.

Seoladh eile: www.anghaeltacht.ca. Scéala agus íomhánna a bhaineann le Gaeilgeoirí Cheanada agus le Gaeilgeoirí Mheiriceá Thuaidh i gcoitinne.



Márta 14 - 28

Taispeántas de staidéir de Leabhar Cheannanais

An Club Ceilteach, 120 Queen St Melbourne
Guthán - 03 9670 6472

Feabhra 27 - Márta 8

Echuca Moama Celtic Festival

<http://www.celticfestival.com.au> <info@celticfestival.com.au> nó 0400 563 399



Dóiteán

In the aftermath of the firestorm in southeastern Australia, there is a spirited debate about fuel-reduction burning. We can learn from the indigenous practice of 'cleaning' the land by fire.

Tá Bundúchasaigh na hAstráile ag déanamh dóiteáin sna coillte leis na mílte bliain agus á dhéanamh go cliste agus go stuama. Mar seo a ghlantaí an scrobarnach riamh. Ar theacht na nEorpach tháinig meath ar an sean-nósanna, rud a chuir cuma nua ar an tír. Ba ghearr gur tháinig méadú ar na tinte coille, agus riamh ó shin tá daoine ag argóint faoi cá mhéad réamhdhóiteán is gá a dhéanamh. Eolaí ar na cúrsaí seo is ea Geoff Stocker, fear a bhí ar an gcéad stiúrthóir ar Lárionad Taighde na gCoillte Teochreasacha, earnáil den CSIRO.⁴

Deir Stocker go dtaispeánann na tinte uafásacha a tharla le déanaí in oirdheisceart na hAstráile gur beartaíodh polasaithe timpeallachta, go háirithe na cinn a bhaineann le riar talún, de bharr corraí croí seachas de réir éiceolaíocht eolaíoch choille agus ar tháinig d'athrú ar an bhfásra i rith an 40,000 bliain a raibh an talamh á riar ag na Bundúchasaigh. Mura bhfuasclaítear na fadhbanna atá anois ann, déanfar an-díobháil do bhithéagsúlacht shuibhir na tíre, éagsúlacht a tháinig chun cinn in éineacht leis an dóiteán, mórán.

Ní hé go bhfuil mionéolas againn fós ar iompar na dtinte agus ar an éiceolaíocht, dar le Stocker. Mar sin féin, tá tuiscint ag teacht againn ar an scéal le caoga bliain anuas ar a laghad. Bhí sé de phribhléid ag Stocker féin taighde a dhéanamh i measc na mBundúchasach i dtuaisceart agus in iarthar Chríocha Arnhem sna 60í. Maíodh go forleathan ag an am gur gá an tír a riar le dóiteán, ach ba léir ansin féin go raibh na scileanna ag dul i léig.

Is oth leis nach ndearnadh taifeadadh níos fearr ar an eolas sin, mar níl aon amhras ná go raibh an dóiteán ina uirlis an-tábhachtach, agus na Bundúchasaigh ag baint feidhm stuama as

⁴ 'Fire-stick farming a lesson,' Geoff Stocker, *The Australian*, 17/2/09. CSIRO: *Commonwealth Scientific and Industrial Research Organisation*; foras a bunaíodh sa bhliain 1949 agus a dhéanann taighde eolaíoch ar son Rialtas na hAstráile.

chun cuspóirí áirithe a bhaint amach. Is mór an tairbhe a bhainfimis as taifid mhaithe chun léargas a fháil ar conas agus ar cén uair ba chúil coillte áirithe a dhó, áiteanna atá athraithe go mór ó bhí na Bundúchasaigh ag tabhairt aire dóibh.

Deir Stocker gurbh iomaí cúis a bhí le húsáid na tine, ach bhí tábhacht ar leith le 'dóiteán taistil'. Bhíodh buíonta éigin ina gcónaí san áit chéanna go buan, a bheag nó a mhór, ach théadh a bhformhór ó láithreán go láithreán ag soláthar agus ag seiftiú dóibh féin. Ag imeacht mar sin dóibh lasaidís tinte leis an mbealach a réiteach. Ba chomhartha an tine freisin ar iad a bheith ann agus ar an dlúthbhaint a bhí acu leis an tír.

Ba mhór an t-ábhar iontais é, a deir Stocker, mura mbeadh formhór an fhásra á dhó ar an tslí seo fadó nuair a bheadh breosla ann, é tirim go leor agus an aimsir cheart ann chuige. Ar an dea-uair is dócha go bhfuil ár ndóthain eolais le fáil againn fós faoi mhodhanna dóiteáin na mBundúchasach sa chuid is mó den tír, ach ní foláir do mheitéareolaithe, d'éiceolaithe tine agus d'antrapeolaithe dul i gcomhar le chéile chuige. Is luachmhar ar fad an t-eolas a bheadh ag slíocht na seandaoine, agus a fhios acu ón mbéaloideas cá raibh na háiteanna seilge ab fhearr agus cé acu séasúir a n-imíodh na daoine ag siúl.

Déanann Stocker amach gur cóir dúinn ár gcuid pleananna dóiteáin go léir a bheartú de réir an eolais úd, cé gur minic ab éigean é a chur in oiriúint do shaol mhuintir na tuaithe mar atá sé anois. Tíocfaidh laethanta an loiscthe mhóir arís ó am go ham, ach is féidir an dochar a mhaolú. Ní mór an scrobarnach a dhó go rianúil agus an fód a sheasamh i gcoinne na tine ach dídean a bheith ar fáil más gá. Bíonn an tine buan ach is féidir teacht roimpi.



Críocha an oighir

Extraordinary marine life has been discovered in the icy seas around Antarctica; but the seas are warming and the habitat is changing.

Tá an tAigéan Antartach lán d'iontais. Péistí ollmhóra, portáin an-mhóra, damháin mhara atá chomh leathan le mias. Ón mbliain 2002 i leith tá eolaithe as gach cearn ag dul ó dheas chun eolas a fháil ar an áit aineoil sin. Tá an seilide snámha *limacina helicina* ann agus toirt pónaire ann; tá dreancaidí fheoiliteacha ann, míolta móra críona, seilidí glébhúí agus spúinsí feoiliteacha, agus *pelagonemertes rollestoni*, ainmhí trédhearcach a bhfuil a ghoile buí spréite ina gcaobhacha ar fud a choirp. In áiteanna tá gach orlach den ghrinneall ceilte ag rudaí beo.

Tugann a leithéidí léargas ar athruithe timpeallachta sa réigiún. Aicídiú na farraige, mar shampla, rud a thiteann amach de bharr mhéadú dé-ocsaíde carbóin san aer agus a chuireann isteach ar fhás na gcónamh. Tá bithéagsúlacht an-chasta ann agus tábhacht léi ó thaobh na hiascaireachta de – cuimhnimis ar iarsmaí na trálaeireachta, mar shampla.

Ceist amháin a chaithfear a réiteach is ea an gaol atá idir na rudaí atá le fáil san fharraige éadomhain agus rudaí eile atá ina gcónaí sna hísleáin is doimhne. Cuireann an taighde is déanaí in iúl go ndearna spéicis dhifriúla imeascadh de bharr leathnú agus chúlú an oighir. Taispeánann taighde móilíneach gur fáisceadh mórán spéiceas tuaisceartach as an Aigéan Antartach de bharr teacht agus imeacht na hoighearshruthanna ar feadh na milliún bliain. Is féidir mórán sagsanna ochtapas a rianú siar go dtí sinsear Antartach.

Ceist eile is ea an chosúlacht iontach atá idir spéicis sa Phol Thuaidh agus sa Phol Theas. Tá DNA á scagadh lena fháil amach an mar a chéile iad spéicis áirithe atá scoite amach ó chéile anois agus, in theannta sin, an mbíonn spéicis éigin ag imeacht idir an dá Phol leis na sruthanna is doimhne.

Idir an dá linn, tá a lán spéiceas (agus a lán ainmhithe gan chnámh droma ina measc) ag tabhairt a n-aghaidhe ar na Poil ar thóir uisce níos fuaire. Ní féidir leis na spéicis atá ann cheana a mhalairt d'áit a fháil, agus beidh na gnáthóga féin ag athrú. Tá fianaise ann nach féidir leis na hainmhithe úd maireachtáil má mhéadaíonn teocht an uisce níos mó ná cúpla céim, agus tá an tuisce timpeall 1°C níos teo anois ná mar a bhí caoga bliain ó shin.

Damháin mhara, cuáin mhara agus bairnigh is mó atá i mbaol, agus tá contúirt eile ann. In uisce éadomhain cois cladaigh a chónaíonn siad agus iad á mbrú ó am go chéile ag cnoic oighir. Is baolach, agus an deisceart ag éirí níos teo, gur níos minice a bheidh an mheilt sin ar siúl agus gan na cnoic oighir i ngreim chomh fada sin anois ag oighear an gheimhridh.

Cúis inní eile is ea na spéicis neamhdhúchasacha a d'fhéadfadh an tAigéan Antartach a bhaint amach agus an fharraige á téamh. Na daoine féin a thugann a leithéidí isteach (ar longa agus eile), rud a d'fhágfadh na spéicis áitiúla i mbaol a ruaigthe.

Féach www.sciencedaily.com/releases/2008/.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@bigpond.com nó chun ColinG.Ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@bigpond.com or to ColinG.Ryan@ato.gov.au.